AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

**Uimhir Chiorcláin: 0060/2017**

**Chuig: Údaráis Bainistíochta Bhunscoileanna aitheanta**

# Cur i bhfeidhm agus oibríocht an Aonaid um Sheirbhísí Tacaíochta Airgid (ASTA) ag an mBunleibhéal

**1. Cuspóir.**

Is é an cuspóir a bhaineann leis an gciorclán seo ná chun údaráis bainistíochta scoile Bunscoileanna aitheanta a chur ar an eolas maidir le cur i bhfeidhm agus oibríocht an ASTA ag an mBunleibhéal le héifeacht ó Mheán Fómhair 2017.

Cuirfidh an tASTA comhairle agus tacaíocht ar fáil do scoileanna maidir le rialachas airgeadais agus neartóidh sé na socruithe reatha ag an mbunleibhéal lena n-áirítear socruithe caighdeánaithe chun ceanglais cuntasaíochta faoi Alt 18 den Acht Oideachais 1998 a chomhlíonadh.

Déantar tagairt do leathadh ASTA leis an mbunleibhéal a chur san áireamh i *Lámhleabhar Rialachais do Bhunscoileanna 2015-2019* agus áirítear é i bPlean Gníomhaíochta na Roinne Oideachais & Scileanna don bhliain 2017.

**2. Ról an ASTA.**

Áirítear i ról an ASTA:

- Comhairle agus tacaíocht a chur ar fáil do scoileanna maidir le cúrsaí rialachais lena n-áirítear comhlíonadh ceanglas an chiorcláin seo.
- Teimpléid a fhorbairt do scoileanna maidir le cúrsaí airgeadais lena n-áirítear teimpléad náisiúnta caighdeánaithe le haghaidh cuntas bliantúil scoile.
- Feidhmiú mar stór lárnach ó thaobh glacadh le cuntais bhliantúla scoile atá ullmhaithe ag cuntasóir/iniúchóir seachtrach cláraithe le comhlacht cuntasaíochta sa Stát.
- Tabhairt faoi iniúchadh de réir mar is gá.
- Tuarascáil bhliantúil a chur i dtoll a chéile don Roinn.
- Idirchaidreamh a dhéanamh leis an Roinn maidir le cúrsaí airgeadais a bhaineann le Bunscoileanna.
- Eolas airgeadais a chur faoi bhráid Údarás Rialála na gCarthanachtaí (ÚRgC) a shásóidh an ceanglas um thuairisciú airgeadais a chuirtear ar scoileanna faoin Acht Carthanas 2009 freisin.
- Eolas staidrimh a chur ar fáil don Phríomh-Oifig Staidrimh (POS) i dtaca lena ceanglais le haghaidh eolas airgeadais sa chóras scoile.

Is féidir teacht ar bhreis faisnéise maidir leis an ASTA ar an suíomh gréasáin [www.fssu.ie](http://www.fssu.ie).

Is é Comhchoiste na mBainisteoirí (CB) a dhéanann óstáil ar an ASTA.

## 3. Coiste Comhairleach an ASTA.

Is ann do Choiste Comhairleach an ASTA chun comhairle a chur ar agus chun tacú le feidhmiú an ASTA ag an mbunleibhéal chun go bhfreastlaíonn sé ar cheanglais earnáil na mbunscoileanna. Áirítear ar an gCoiste seo ionadaithe ón Roinn, ó Chomhlachtaí Bainistíochta Scoile agus ón ASTA.

## 4. Cad a chiallóidh an tASTA do gach Bunscoil?

a) Beidh an tASTA ina fhoinse thábhachtach comhairle agus tacaíochta do bhunscoileanna maidir le cúrsaí rialachas airgeadais – curtha ar fáil den mhórchuid ar líne agus ar an nguthán. Tá breis faisnéise ar fáil ag www.fssu.ie.

b) Tá sraith teimpléad deartha ag an ASTA le go mbainfidh scoileanna úsáid astu, ina measc siúd tá:

- Teimpléid lena n-úsáid laistigh de na scoileanna chun faireachán a dhéanamh ar ioncam míosúil, ar chaiteachas, ar bhainistiú buiséid, ar shreabhadh airgid etc. Is rud roghnach é úsáid a bhaint as teimpléid inmheánacha an ASTA do scoileanna ar mian leo úsáid a bhaint as Airgead Bunscoile IPPN/Teimpléad Airgeadais, teimpléid Chumann Bainistíochta na mBunscoileanna Caitliceacha etc. fós ar bhonn inmheánach.

- Teimpléad náisiúnta caighdeánaithe le cuntais bhliantúla scoile a chur faoi bhrád an ASTA, atá ullmhaithe ag cuntasóir/iniúchóir seachtrach agus é cláraithe le comhlacht cuntasaíochta sa Stát, le tabhairt isteach ar bhonn céimnithe. Beidh an teimpléad náisiúnta mar mhodh caighdeánaithe do chuntasóirí/iniúchóirí chun cuntais bhliantúla scoile a ullmhú i gcomhréir le hAlt 18 den Acht Oideachais, 1998.

- Beidh teimpléad caighdeánach tuairiscithe ar fáil le húsáid nuair a bhítear ag tabhairt faisnéis achoimreach airgeadais do thuismitheoirí mar chuid den teimpléad náisiúnta caighdeánaithe i gcomhair cuntas bliantúil scoile.

c) Tá freagracht ar an mBord Bainistíochta a chinntiú go gcuireann a chuntasóir/iniúchóir airgeadais cuntais airgeadais faoi bhráid an ASTA. Sásóidh sé seo an ceanglas faoi Alt 18 den Acht Oideachais 1998 go gcuirfidh scoileanna a gcuntais ar fáil le go ndéana an tAire iniúchadh orthu.

Éilítear ar scoileanna cuntais a chur faoi bhráid an ASTA i leith na scoilbhliana 2018/19 agus ar bhonn bliantúil ina dhiaidh sin san fhormáid a leagtar síos agus faoin spriocam cuí.

Seo a leanas an amlíne a bhaineann leis:

| | |
|---|---|
| **Scoilbhliain 2017/18** | Díreoidh an tASTA ar sholáthar comhairle agus tacaíochta mar chuid de na hullmhúcháin maidir le tabhairt isteach céimnithe an teimpléid náisiúnta chaighdeánaithe i gcomhair cuntas bliantúil scoile. |
| **Scoilbhliain 2018/19** | Seo an chéad bhliain a ndéanfar cuntais bhliantúla na scoile a ullmhú ag baint úsáide as an teimpléad náisiúnta caighdeánaithe. Seo an fhormáid is gá do scoileanna a úsáid chun oibleagáidí faoi Alt 18 den Acht Oideachais, 1998 a chomhlíonadh. |
| **Deireadh mhí Feabhra 2020** | Seo an dáta deiridh le cuntais bhliantúla scoile i gcomhair na scoilbhliana 2018/19 a chur faoi bhráid an ASTA. |
| **Ar bhonn bliantúil ina dhiaidh sin** | Tá cuntais bhliantúla scoile le cur faoi bhráid an ASTA san fhormáid atá leagtha síos faoi dheireadh mhí Feabhra (6 mhí tar éis dheireadh na scoilbhliana).). |

Ní mór eolas eile a chur leis na cuntais chomhlánaithe de réir mar a iarrann an ASTA.

Tá na riachtanais thuasluaite sa bhreis ar aon cheanglas faoi leith a bhíonn ag an bPátrún maidir le cuntais bhliantúla a chur faoina bhráid.

d) Nuair a chuirtear cuntais bhliantúla scoile faoi bhráid an ASTA san fhormáid a leagtar síos agus faoin spriocam cuí, sásóidh sé seo na hoibleagáidí tuairiscithe airgeadais a cheanglaíonn an tAcht Carthanas 2009 ar scoileanna.

Freastlóidh sé freisin ar aon riachtanas tuairiscithe airgeadais a bhaineann leis an bPríomh-Oifig Staidrimh.

e) Féadtar scoileanna a bheith faoi réir iniúchóireachta ag an ASTA mar chuid dá chlár oibre leanúnach.

**5. Cad a chiallóidh ASTA do Phátrúin na scoile?**

Tá ceangal ar an mBord Bainistíochta bainistiú a dhéanamh ar an scoil ar son an phátrúin. I ngeall air seo:

a) Cuirfidh an tASTA, nuair a iarrtar é, liosta ar fáil do phátrúin dá scoileanna ag léiriú má tá siad comhlíontach maidir le taisceadh na gcuntas bliantúil scoile.

b) Nuair is cuí, is féidir le pátrúin teagmháil a dhéanamh leis an ASTA ag iarraidh go ndéanfaí iniúchadh ar scoil.

**6. Cad a chiallóidh an tASTA do Thuismitheoirí?**

Beidh cur chuige náisiúnta caighdeánaithe i bhfeidhm maidir le heolas achoimreach airgeadais a sholáthar do thuismitheoirí. Déanfar seo don scoilbhliain 2018/19 i leith mar chuid den teimpléad náisiúnta caighdeánaithe i gcomhair cuntas bliantúil scoile.

**7. Comhthéacs Reachtach.**

**An tAcht Oideachais, 1998**.
Meabhraítear do Bhoird Bainistíochta go bhfuil freagracht orthu a chinntiú go bhfuil nósanna imeachta cuí cuntasaíochta agus airgeadais i bhfeidhm i gcomhréir le hAcht 18 den Acht Oideachais, 1998 a éilíonn:

> 18.—(1) Ach amháin i gcás a mbíonn scoil bunaithe nó á cothabháil ag coiste gairmoideachais, coimeádfaidh bord gach cuntas cuí agus gach gnáthchuntas agus taifid ar airgead a fhaigheann sé nó a chaitheann sé agus cinnteoidh sé go ndéantar iniúchadh nó deimhniú cuí ar gach cuntas dá chineál gach bliain i gcomhréir leis an dea-chleachtas is fearr cuntasaíochta.
>
> (2) Cuirfidh an scoil atá i gceist cuntais a choimeádtar de bhun an Ailt seo ar fáil lena n-iniúchadh ag an Aire agus ag tuismitheoirí na scoláirí sa scoil, a mhéid a bhaineann na cuntais sin le hairgead a chuirtear ar fáil de réir alt 12.

**An tAcht Carthanas 2009.**
Ceanglaítear leis an Acht Carthanas 2009 go mbeidh a scoil cláraithe le hÚdarás Rialála na gCarthanachtaí (ÚRgC) ag gach Bord Bainistíochta agus go ndeimhneoidh sé a mhionsonraí clárúcháin uair sa bhliain. Is cion é d'eagraíocht charthanúil neamhchláraithe a sheolann gníomhaíochta sa Stát.

Thairis sin, ceanglaítear ar gach eagraíocht ar Chlár na gCarthanas sonraí achoimre a chur faoi bhráid ÚRgC maidir le gach ioncam agus caiteachas ar bhonn bliantúil. Tá sé i gceist go ndéanfaidh scoileanna é seo trí mheán an ASTA. Mar sin, beidh buntáiste ag scoileanna, ach iad a gcuid cuntas a chur faoi bhráid an ASTA san fhormáid atá leagtha síos, agus laistigh den amlíne a éilítear, nach mbeidh ceangal orthu an fhaisnéis airgeadais seo a chur i dtuairisceán faoi leith chuig ÚRgC.

Ba cheart aon cheist atá agat ar an ÚRgC a chur chuig: info@charitiesregulatoryauthority.ie. Is féidir teacht ar bhreis faisnéise freisin ar an suíomh gréasáin ag www.charitiesregulatoryauthority.ie.

**8. Comhlíonadh théarmaí an chiorcláin seo.**

Tá ceanglas ar gach Bord Bainistíochta scoileanna aitheanta ceanglais an chiorcláin seo a chomhlíonadh maidir le húsáid a bhaint as an teimpléad náisiúnta caighdeánaithe i gcomhair cuntas bliantúil scoile agus é sin a chur faoi bhráid an ASTA san fhormáid atá leagtha síos agus laistigh den amlíne a luaitear. Is mó seans go ndéanfar iniúchadh ar scoileanna nach gcomhlíonann na ceanglais seo.

**9. Seachadadh agus Ceisteanna.**

Sa Chiorclán seo tá cuid a bhaineann le Ceisteanna Coitianta agus déanfar sin a nuashonrú de réir mar is cuí le himeacht aimsire.

Déan cinnte de go dtugtar an Ciorclán seo ar aird an Bhoird Bainistíochta agus Chumann na tTuismitheoirí (más ann dó).

Ba cheart do scoileanna a bhfuil ceist acu maidir leis an gCiorclán seo í a chur chuig an ASTA. Tá na sonraí teagmhála ábhartha foilsithe ar an suíomh gréasáin ag www.fssu.ie.

**Hubert Loftus**
**Príomhoifigeach**
**Rannóg Airgeadais na Scoileanna**

**Meán Fómhair 2017**

## Ceisteanna Coitianta

## An tAonad um Sheirbhísí Tacaíochta Airgid (ASTA) – Leathadh ag an mBunleibhéal

### ASTA

**Cén áit is féidir liom teacht ar bhreis faisnéise faoin ASTA?**

Tá faisnéis maidir le hASTA ar fáil ar an suíomh gréasáin ag www.FSSU.ie.

### TEIMPLÉID ASTA

**Cén buntáiste a bhaineann le teimpléid inmheánacha an ASTA a úsáid maidir le faireachán a dhéanamh ar ioncam míosúil, ar chaiteachas, ar bhainistiú buiséid, ar shreabhadh airgid etc.?**

Tá formáid teimpléad an ASTA i gcomhréir leis an teimpléad náisiúnta caighdeánaithe do chuntais bhliantúla scoile. Mar sin de, má bhaintear úsáid as teimpléid inmheánacha an ASTA féadtar go mbeadh costais níos lú cuntasaíochta chun cuntais bhliantúla scoile a dheimhniú nó a iniúchadh (de réir mar a cheanglaítear faoi Alt 18 den Acht Oideachais, 1998) mar go mbeidh an t-eolas a chuirtear faoi bhráid an Chuntasóra i bhformáid ónar féidir sonraí ábhartha, ó thaobh cuntas bliantúil scoile de, a bhaint go héasca.

**An bhfuil teimpléid eile inmheánacha ann a d'fhéadfaí a úsáid le faireachán a dhéanamh ar ioncam míosúil, ar chaiteachas, ar bhainistiú buiséid, ar shreabhadh airgid etc.?**

Tá úsáid na dteimpléad inmheánach ASTA roghnach do scoileanna ar féidir leo, más mian leo, úsáid a bhaint as Airgead Bunscoile IPPN/Teimpléad Airgeadais, teimpléid Chumann Bainistíochta na mBunscoileanna Caitliceacha etc. fós ar bhonn inmheánach.

Ní mór, áfach, an teimpléad náisiúnta caighdeánaithe le haghaidh cuntas bliantúil scoile a úsáid i gcomhréir leis an amlíne atá leagtha síos sa chiorclán seo.

**An féidir teimpléid eile inmheánacha an ASTA a chur in oiriúint do cheanglais scoileanna aonair?**

Dearadh na teimpléid inmheánacha ASTA chun freastal ar gach scoil. Is féidir iad a leasú sa chaoi go mbíonn siad in oiriúint do cheanglais scoileanna aonair. Is féidir leat teagmháil a dhéanamh leis an ASTA más mian leat cúnamh a fháil ina thaobh seo.

# CUNTAIS BHLIANTÚLA

## Cén t-achar ama a bhaineann le tabhairt isteach an teimpléid náisiúnta chaighdeánaithe i gcomhair cuntas bliantúil scoile ?

Seo a leanas an amlíne:

| | |
|---|---|
| **Scoilbhliain 2017/18** | Díreoidh an tASTA ar sholáthar comhairle agus tacaíochta mar chuid de na hullmhúcháin maidir le tabhairt isteach céimnithe an teimpléid náisiúnta chaighdeánaithe i gcomhair cuntas bliantúil scoile. |
| **Scoilbhliain 2018/19** | Seo an chéad bhliain a ndéanfar cuntais bhliantúla na scoile a ullmhú ag baint úsáide as an teimpléad náisiúnta caighdeánaithe. Seo an fhormáid is gá do scoileanna a úsáid chun oibleagáidí faoi Alt 18 den Acht Oideachais, 1998 a chomhlíonadh. |
| **Deireadh mhí Feabhra 2020** | Seo an dáta deiridh le cuntais bhliantúla scoile i gcomhair na scoilbhliana 2018/19 a chur faoi bhráid an ASTA. |
| **Ar bhonn bliantúil ina dhiaidh sin** | Tá cuntais bhliantúla scoile le cur faoi bhráid an ASTA san fhormáid atá leagtha síos faoi dheireadh mhí Feabhra (6 mhí tar éis dheireadh na scoilbhliana). |

## An féidir na cuntais a chur díreach chuig an ASTA?

A luaithe agus a bhíonn cuntais bhliantúla na scoile deimhnithe nó iniúchta ba cheart iad a chur go leictreonach chuig an ASTA. Chomh maith leis sin ba cheart aon riachtanas faoi leith a bhaineann leis an bPátrún a chomhlíonadh maidir leis na cuntais bhliantúla a chur isteach.